**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 8

# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 le haghaidh thurastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €677,695 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ina theannta sin, glacadh leis an mbeartas cuntasaíochta seo a leanas maidir le hobair-idir-lámha.

Is é atá i gceist le hobair-idir-lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair iniúchta a chuirtear i gcrích ag deireadh na bliana sna cásanna sin nár tuairiscíodh tuairim iniúchta.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Oifigeach Cuntasaíochta. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Riosca suntasach airgeadais***

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais de réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí seo agus cuireadh roinnt gnáthamh i bhfeidhm le cinntiú go n-aisghabhtar costais le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear ar na bearta seo

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn lena ngearrtar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a thaifeadann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála
- monatóireacht fhaisnéise airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Oifig go ndírítear go ndírítear gp cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas I gcás amháin conradh ar luach €46,000 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Ós rud é go bhfuil an Oifig seo chun áitreabh a fhágáil i 2015, shín sí amach an conradh le haghaidh seirbhísí glantacháin ag an ráta reatha do thréimhse 19 mí nó go dtí go bhfágann an Oifig an t-áitreabh reatha. Sular síneadh amach an conradh nochtaigh seiceáil phraghsanna go raibh an praghas iomaíoch agus go raibh luach airgid i gceist leis. Tionólfar comórtas nua tairisceana do sheirbhísí glantacháin roimh an aistriú go háitreabh nua i 2015.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus pearsanra atá oilte go cuí á úsáid acu.

**Andrew Harkness**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinneadh iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8, Oifig an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste ar mo shonsa ag Tommy Doherty ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe faoi Alt 13 den Acht um Ard-Aighne Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal caighdeánach cuntasaíochta do chuntais leithreasa. Is cuid den chuntas iad na beartais agus na nótaí cuntasaíochta.

Bunaithe ar a iniúchadh agus ar a thuairisc, i mo thuairimse, cuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 8, Oifig an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Bealtaine 2015

## Tuairim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Alt 13 D'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Mar an t-iniúchóir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Cuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 iniúchta agam.

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúchóireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le ná ní ghabhaim orm freagracht as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta agam, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Iniúchóra faoi seach**

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithghabhála a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbheart sa Chuntas Leithghabhála.

Is é m'fhreagracht an Cuntas Leithghabhála a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím daoibh mo thuairim maidir leis an gceist an léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus íocaíochtaí an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014. Tuairiscím duit freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Oifig. Lena chois sin, luaim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta agus cibé an dtagann Cuntas Leithghabhála na hOifige leis na leabhair chuntais.

**An Bunús atá le mo Thuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithghabhála, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na Cuntais Leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna Cuntais Leithghabhála san iomlán freisin.

**Tuairim**

Is é mo thuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 i láthair go cuí i gCuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina dtaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithghabhála ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Tommy Doherty**
I gcomhair agus thar ceann Mazars
Chartered Accountants and Registered Auditors
Harcourt Centre
Block 3
Harcourt Road
Dublin 2.

11 Bealtaine 2015

# Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Iniúchadh agus Tuairisciú | 11,797 | 11,045 | 11,098 |
| | **Olliomlán** | **11,797** | **11,045** | **11,098** |
| | *Bain de :* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,875** | **5,801** | **5,337** |
| | **Glaniomlán** | **5,922** | **5,244** | **5,761** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 677,695 | 215,869 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 9,568 | 9,182 | 9,199 |
| ii | Taisteal agus cothú | 546 | 415 | 439 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 328 | 297 | 266 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 100 | 100 | 86 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 443 | 410 | 439 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 217 | 199 | 217 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta | 350 | 2 | 36 |
| viii | Táillí dlí | 45 | 33 | 19 |
| ix | Seirbhísí iniúchta conartha | 200 | 407 | 397 |
| | | 11,797 | 11,045 | 11,098 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 9,182 | 9,199 |
| Caiteachas eile | | 1,863 | 1,899 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,045** | **11,098** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4)** | | **5,801** | **5,337** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,244** | **5,761** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (189) | | |
| Dímheas | 181 | | |
| | | (8) | 21 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | (159) | | |
| Méadú ar stoc | (2) | | |
| | | (161) | (360) |
| **Caiteachas díreach** | | **5,075** | **5,422** |
| | | | |
| Méadú luacha in obair idir lámha | | (8) | (356) |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,566 | 2,615 |
| Measchíosanna | | 244 | 203 |
| **Costas glan clár** | | **7,877** | **7,884** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 8 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,377 | 1,381 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 693 | 723 |
| Cuntas An Lárchiste | 496 | 511 |
| | **2,566** | **2,615** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 400 | 392 |
| **Obair idir lámha** | 2.3 | 942 | 934 |
| | | **1,342** | **1,326** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 76 | 398 |
| Stoic | | 16 | 14 |
| Speansais Réamhíoctha | | 97 | 102 |
| Féichiúnaithe maidir le Taíllí Iniúchóireachta | | 170 | 179 |
| Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchóireachta | 2.5 | 1,320 | 1,144 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 294 | 92 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,973** | **1,929** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 30 | 27 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.7 | 335 | 326 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 35 | 164 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **400** | **517** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,573** | **1,412** |
| **Glansócmhainní** | | **2,915** | **2,738** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,915** | **2,738** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,738 | 2,043 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 5,922 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (678) | | |
| Vóta glan | | | 5,244 | 5,761 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,566 | 2,615 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 244 | 203 |
| Costas glan clár | 1 | | (7,877) | (7,884) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,915** | **2,738** |

**2.2 Ráiteas faoi Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 2,119 | 358 | 2,477 |
| Breiseanna | 183 | 6 | 189 |
| Diúscairtí | (285) | (1) | (286) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 2,017 | 363 | 2,380 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 1,816 | 269 | 2,085 |
| Dímheas don bhliain | 159 | 22 | 181 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (285) | (1) | (286) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 1,690 | 290 | 1,980 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **327** | **73** | **400** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **303** | **89** | **392** |

**2.3 Obair idir Lámha**

Sannann obair-idir-lámha luach don obair iniúchta mar a ndéantar táille a ghearradh ach mar nár críochnaíodh an t-iniúchadh fós. Áirítear luach na hoibre-idir-lámha mar chéatadán den táille iniúchta comhaontaithe, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana, mar seo a leanas:

| Stádas an Iniúchta | Céatadán den táille iniúchóireacht a arna áireamh in obair idir lámha | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Imréitithe chun deimhnithe | 90% | 316 | 226 |
| Ag staid athbhreithniú an iniúchta | 75% | 318 | 289 |
| Obair allamuigh tugtha chun críche | 60% | 161 | 167 |
| Iniúchadh deiridh ar siúl | 30% | 25 | 16 |
| Iniúchadh eatramhach tugtha chun chríche | 15% | 50 | 132 |
| Iniúchadh eatramhach ar siúl | 10% | 72 | 104 |
| | | 942 | 934 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 57 | 33 |
| Cuntas bhainc thráchtála | 19 | 365 |
| | 76 | 398 |

**2.5 Ioncam Fabhraithe ó Tháillí Iniúchóireachta**

Léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchóireachta obair iniúchóireachta atá curtha i gcrích ach nach raibh sonrasc lena haghaidh réitithe ag deireadh na bliana.

| **2.6 Iarmhéideanna eile dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Scéim chaiteachais taistil infhorchúitithe agus phas taistil | 65 | 72 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí | 39 | 20 |
| Fionraí tuarastal ilghnéitheacha | 190 | — |
| | 294 | 92 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 110 | 114 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 70 | 72 |
| Tobhach ar Ioncam | 37 | 38 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 38 | 25 |
| Cáin Bhreisluacha | 13 | 12 |
| Ranníocaíochtaí Pinsean | 24 | 25 |
| An Cháin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| | 293 | 287 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 38 | 39 |
| Asbhaint phárolla Bóthar Haddington | 4 | — |
| | 335 | 326 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 678 | 216 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (643) | (52) |
| Glandliteanas don Státchiste | 35 | 164 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 76 | 398 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 294 | 92 |
| | 370 | 490 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (293) | (287) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (42) | (39) |
| | (335) | (326) |
| | | |
| | 35 | 164 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe de réir dlí | 77 | 26 |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Iniúchadh agus tuairisciú** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 9,568 | 9,182 | 9,199 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 2,229 | 1,863 | 1,899 |
| | | 11,797 | 11,045 | 11,098 |

**Athruithe suntasacha**

Ba ionann an choigilt iomlán ar chaiteachas sa bhliain agus €752,000. Ba iad seo a leanas na príomhréimsí inar ndearnadh coigiltí.

**Tuarastail, pá agus liúntais**

Bhí gannchaiteachas le sonrú de €386,000 a eascraíonn go príomhá cionn is go dtosaíonn foireann athsholáthair iniúchta le tuarastal níos ísle.

**Taisteal agus cothabháil**

Bhí gannchaiteachas le sonrú de €133,000 ar thaisteal oifigiúil cionn is nach ndeachaigh iniúchtaí eatramhacha 2014 ar aghaidh oiread agus a rabhthas ag súil leis agus cionn is go raibh an caiteachas a bhain le clár iniúchta na bliana reatha níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis.

**Seirbhísí Comhairleoireachta**

Ba é an soláthar meastacháin do sheirbhísí comhairliúcháin ná €350,000 agus baineann €200,000 de sin le coigilteas ar an mbuiséad comhairliúcháin don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS nó NAMA). Cuirtear suim chomhfhreagrach de €200,000 san áireamh laistigh den bhuiséad leithreasaí i gcabhair, ós rud é go bhfuil a leithéid de chaiteachas comhairliúcháin infhorchúitithe ó NAMA. Ba í an táirgeacht ná €2,000. Baineann an Oifig úsáid as comhairligh saineolacha seachtracha, má theastaíonn a leithéid, chun cabhrú i scrúduithe a chuirtear i gcrích faoi threoir an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá sé deacair, sula ndéantar socruithe, tabhairt faoi scrúduithe chun meastachán a dhéanamh i dtaca leis an ionchur comhairliúcháin a theastóidh. Ullmhaítear athbhreithniú cáis ghnó, mar a leagtar amach na fáthanna go dteastaíonn ionchur comhairliúcháin, sula gcuirtear conradh i bhfeidhm.

**Seirbhísí iniúchta conradh**

Leis na Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí a chomhlíonadh agus le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, baineadh úsáid as gnáthaimh airgeadais a dtugtar vírmint air i 2014. Cheadaigh sin coigilteas ar fho-cheannteideal (vii) Comhairliúchán de €107,345 agus €100,000 ar fho-cheannteideal (ii) Taisteal agus Liúntas Cothaithe atá le húsáid do chaiteachas breise de €207,345 ar fho-cheannteideal (ix) Seirbhísí Iniúchta Conartha le teastasú tráthúil chuntais deiridh bord fiontair chontae agus coistí gairmoideachais.

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltas ó tháillí | 5,275 | 5,269 | 4,772 |
| 2 | Fáltais ón asbhaint ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí maidir le pinsin | 600 | 532 | 565 |
| | | 5,875 | 5,801 | 5,337 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 146 | 142 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 8,505 | 8,514 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 30 | 57 |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 647 | 628 |
| **Pá iomlán** | **9,182** | **9,199** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 | Uasíocaíocht aonair 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 8 | 1 | 10,913 | 13,692 |
| Ragobair agus tinreamh sa bhreis | 1 | — | 401 | — |

**5.2 Luach Saothair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amach as Lárchiste an Státchiste, faoi mar a ndéantar soláthar dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é an muirear ar an Lárchiste i 2014 maidir le tuarastal an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste ná €175,742 (2013: €182,800). Faoi mar a ndearnadh foráil dó in Alt 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon oifig ná post le luach saothair eile a bheith aige/aici.

**5.3 Luach tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta**

Ba é an muirear don Vóta i 2014 maidir le luach tuarastail an Oifigigh Cuntasaíochta ná €130,799 (2013: €135,630).

**5.4 Liúntais do ghníomhú ag leibhéal níos airde**

Fuair beirt bhall den fhoireann liúntais as glacadh le róil a mbaineann gráid níos airde leo. Ba é an costas iomlán ná €8,296 (2013: €35,935).

**5.5 Athfhostú oifigeach ar scor**

San iomlán íocadh €22,842 do bheirt státseirbhíseach ar scor, a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse; athfhostaíodh iad ar bhonn gearrthéarma. Athfhostaíodh duine amháin acu le cabhrú le hathbhreithniú ar agus imréiteach comhad iniúchta agus athfhostaíodh an duine eile le hathbhreithniú feidhmíochta eagraíochtúla a phíolótú.

Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail Acht na bPinsean (Laghdú), 1965. Foráiltear san Acht go ndéantar pinsin iar-státseirbhísigh a athfhostaítear tar éis gnáthaois scoir a laghdú lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse athfhostaithe an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfaidís sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá seirbhís ináirithe.

## 6 Ilgnéitheach

Ba é luach iomlán chostais an Choiste Iniúchta ná €2,055 i 2014 (€4,000 i 2013).